



**Chuibh: Údaráis Bhainisteoireachta na mBunscoileanna, na Meánscoileanna, na
bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta
agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

**TÚS FEIDHME AILT ÁIRITHE DEN ACHT OIDEACHAIS (LIGEAN ISTEACH I SCOILEANNA)
2018**

Athruithe ar phróisis iontrála sna scoileanna

1. Cuspóir an Chiorcláin

Ba mhaith leis an Aire Oideachais agus Scileanna údaráis scoile a chur ar an eolas faoi thús feidhme roinnt alt den acht thuas lenar gá athruithe a dhéanamh ar bheartais agus ar phróisis iontrála sna scoileanna. Beidh feidhm ag na socrúithe nua maidir le hiontrálacha scoile sa scoilbhliain 2021/22 agus i mblianta dá éis. Ní bhaineann na socrúithe nua le hiontrálacha i scoilbhliain 2020/21.

2. Athruithe ar phróisis iontrála sna scoileanna

Beidh na hathruithe seo a leanas ar bheartais iontrála scoile i gceist sna socrúithe nua:

• Beartas Iontrála

Ceanglaítear ar gach bord bainistíochta beartas nua iontrála a dhréachtú de réir riachtanais an achta tar éis dul i gcomhairle leis an bPátrún, le foireann na scoile agus le tuismitheoirí na ndaltaí reatha. Ní mór ráiteas a bheith sa bheartas nua nach ndéanfaidh an scoil idirdhealú maidir le haon iarratasóir ar iontráil ar aon cheann d'fhorais sonraithe éagsúla.

Ní mór an dréachtbheartas nua a chur ar aghaidh chuig an bPátrún dá gceadú. Ar cheadú an Phátrúin a bheith faighte, ní mór don scoil an beartas nua iontrála a fhoilsiú. Tá na bearta riachtanacha leagtha amach sa nasc thíos mar eolas duit.

• Fógra Bliantúil Iontrála

Ní mór do gach bord bainistíochta Fógra Bliantúil Iontrála a ullmhú ina leagfar amach eolas ar leith maidir leis an bpróiseas iontrála don scoilbhliain i dtrácht. Ní mór an fógra seo a fhoilsiú seachtain amháin ar a laghad sula dtosaíonn an scoil ag glacadh iarratas ar iontráil.

• An Próiseas Iarratas

Ní ceadmhach do bhoird bhainistíochta glacadh le hiontrálacha roimh an 1 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh bhliain an ghlactha isteach. Mar shampla, i gcás an ghrúpa ghlactha isteach i scoilbhliain 2021/22, ní ceadmhach do scoileanna tosú ag glacadh le hiarratais ar iontráil roimh an 1 Deireadh Fómhair 2020.

Ní léirmhíniú dlíthiúil é an ciorclán seo ar an Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018. Ná ní leagtar ann go huilechuimsitheach forálacha agus ceangaltais an Achta. Is é cúram gach údaráis scoile lena mbaineann iad féin a chur ar an eolas maidir le

riachtanais an Achta Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018 agus an beartas, na gnásanna agus na cleachtais is gá chun é a chomhlíonadh a bheith i bhfeidhm.

3. Ailt den Acht Oideachais (Ligean Isteach i Scoileanna) 2018 ar cuireadh tús feidhme leo in 2018

(ba chóir an chuid seo a léamh i gcomhar le doiciméad na gCeisteanna Coitianta a ndéantar tagairt dó thíos)

Is mian leis an Aire, leis, na hailt seo a leanas maidir le hiontrálacha scoile, ar cuireadh tús feidhme leo in 2018 agus atá i bhfeidhm faoi láthair a mheabhrú d'údaráis bhainisteoireachta:

- Táillí Scoile

Coisctear scoileanna aitheanta ó tháillí a ghearradh nó íocaíocht nó ranníocaíocht a iarraidh le haghaidh iontrála nó le haghaidh rollú leanúnach i scoil.

- Reiligiún mar chritéar roghnúcháin

Ón 3 Deireadh Fómhair 2018 i leith, coisctear bunscoileanna ón reiligiún a úsáid mar chritéar roghnúcháin in iontrálacha scoile. Mar sin féin tá cosaintí san fhoráil seo le cinntiú gur féidir le páiste a bhfuil creideamh mionlaigh aici/aige dul isteach i scoil den chreideamh sin.

- Ranganna Speisialta

Tá sé de chumhacht ag an Aire iallach a chur ar scoil soláthar breise a dhéanamh maidir le páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, mar a bhfuil riachtanas don soláthar sin i gceantar ar leith aitheanta ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

- Comhar idir Boird

Féadfaidh scoileanna eolas a dtaca le hiontrálacha scoile a chomhroinnt ar mhaithe le daltaí a ligean isteach ar an tslí is éifeachtaí.

4. Teimpléid agus Ceisteanna Coitianta

Tá teimpléad de bheartas iontrála agus d'fhógra bliantúil iontrála foilsithe ag an Roinn ar a láithreán gréasáin, mar aon le Ceisteanna Coitianta a chabhróidh le húdaráis scoileanna freagra a fháil ar aon cheist a bheidh acu maidir leis an bpróiseas nua iontrála. Tá na doiciméid sin ar fáil ag na naisc seo a leanas:

- [Tosach Feidhme Alt Áirithe den Acht Oideachais \(Ligean isteach i Scoileanna\) 2018–Ceisteanna Coitianta](#)
- [Teimpléad maidir le Polasaí Íontrála](#)
- [Fógra Bliantúil maidir le Ligean Isteach](#)

5. Scaipeadh agus Ceisteanna

Ba chóir cóip den chiorclán seo a scaipeadh ar gach ball den bhord bainistíochta/bhord oideachais agus oiliúna agus ar fhoireann gach scoile. Ba chóir cóip a chur ar fáil do choiste na dtuismitheoirí, leis.

Gheofar an chiorclán ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scoileanna ag www.education.ie. Gheofar leagan Gaeilge den chiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne, leis.

Ba chóir ceisteanna faoin gCiorclán seo a chur ar an Roinn i ríomhphost chuig:

schoolgovernance@education.gov.ie

Paraic Joyce
Rialachas Scoile
06 Feabhra 2020